

## Polasaí Leighis agus Tinnis

### Scoláire Tinn sa Teach Lóistín agus Dochtúir ar Fáil ar an Oileán.

- Déanann bean an tí cinneadh ar cheart don dalta dul ar scoil nó fanacht sa teach.
- Déanann bean an tí cinneadh an bhfuil gá le dochtúir nó nach bhfuil.
- Cuireann bean an tí fios ar an phríomhoide faoina cinneadh láithreach.
- Más gá le cuairt dochtúra tógann an príomhoide agus cinnire nó bean an tí an scoláire go dtí an dochtúir.
- Más gá do scoláire fanacht sa teach ba cheart go mbeadh duine éigin eile sa teach le bean/fear an tí.
- Aon leigheas a thugtar don scoláire fágтар le bean/fear an tí é.
- Má bhíonn tinneas leanúnach i gceist agus nach féidir leis an pháiste freastáil ar imeachtaí an choláiste, iarrfar ar na tuismitheoirí an páiste a thabhairt abhaile.
- Déanfaidh an príomhoide cinneadh ar chóir scéal an chuairt dochtúra a thabhairt don tuismitheoir. (Beidh an scoláire ábalta an scéal a insint ag am fóin).
- Ba cheart a chur ina luí ar na scoláirí gur cheart dóibh nuair nach bhfuil siad ag aireachtáil go maith é sin a chur in iúl do bhean an tí nó má/nuair a theastaíonn uathu dul chuig an dochtúir é sin a chur in iúl do bhean an tí. Má théann siad chuig an ionad leighis ón gColáiste, ba cheart dóibh é sin a chur in iúl do bhean an tí.

### Scoláire Tinn sa Teach Lóistín nuair nach bhfuil Dochtúir ar Fáil ar an Oileán.

- Más gá le dochtúir, glaíonn bean/fear an tí ar Nowdoc agus cuireann sí/sé fios ar an phríomhoide.
- I gcás práinneach cuirfear gloch ar 999 nó 112 agus cuirfear fios ar an phríomhoide a chuirfidh fios ar na tuismitheoirí.
- Tá freagracht fiacha dochtúra agus cóir leighis ar chlann an scoláire.

### Riachtanais Speisialta Sláinte

Níl sé ar leas an scoláire atá faoi bhrú pearsanta nó a bhfuil fadhbanna móra aige nó aici sa bhaile achur chuig an Ghaeltacht.

Ar mhaithe le leas an linbh i rith ár gcúrsaí tá dualgas ar thuismitheoirí eolas a thabhairt i scríbhinn agus treoireacha cúbáim a chur i scríbhinn chuig Coláiste Árainn Mhóir roimh deireadh Mí Bealtaine.faoi:

- Aon tinneas fisiciúl/ meabhairghalar, riocht leighis (Fiabhras Léana, Plúchadh, neamhord iteacháin
- Riachtanais san aiste bia (feoilséantóir)
- Ailléirgí (bia, cóir leighis etc.
- Cúinsí Teaghlaigh (dífhostaíocht, scaradh tuismitheoirí, colscaradh, bás, tinneas)
- Fadhbanna pearsanta
- Riachtanais Speisialta Oideachais (e.g. Dislécise, Neamhord ar Speictream an Uathachais, Lagú Éisteachta/Radhairc etc.
- Cógais (lad go léir)

Coinnítear aon eolas ábhaireach faoi leas an scoláire i gcomhad agus tabharfar an t-eolas ábhaireach seo do Bhean/Fear an tí agus do mhúinteoirí.

### Leigheas Phearsanta

Níl leigheas de shaghas ar bith ceadaithe i seilbh an scoláire. Tá Bean/Fear an tí freagrach as é a choinneáil agus é a bheith ar fáil don scoláire.

